


# Iris na Scéime

2025/26



Fáilte go dtí Iris na Sceime!

Tá súil againn go mbainfidh sibh go léir taitneamh as achoimre a fheiceáil ar a raibh ar siúl againn i rith na bliana. Is deis uathúil speisialta í a bheith mar chuid de Scéim Cónaithe agus tá áthas orainn gur roinneamar í libh go léir. Tá scríbhneoirí, filí agus ceoltóirí an-chumasacha inár bpobal agus tá roinnt samplaí de seo curtha ar taispeáint againn ar fud na hirise.

Go raibh maith agat le hÁine as bliain iontach a éascú agus buíochas le gach duine a chuir leis!

Slán!

*Ríona Howlin, Tomás Knoblauch, Emily ní Shíocháin agus Neasa Nic Corcráin*

# Nóta ó Áine Ní Shúilleabháin, Oifigeach na Gaeilge

A chairde,
Bhain mé an-taitneamh as a bheith ag obair libh ag cur na Gaeilge chun cinn i mbliana. B'fhiúntach an obair a rinne sibh mar ambasadóirí don teanga ar an gcampas agus i Halla na Tríonóide araon.

Bíonn ról tábhachtach ag mic léinn na Scéime Cónaithe ag spreagadh a gcomh-mhic léinn chun an Ghaeilge a labhairt agus a úsáid ina saol laethúil. Tacaíonn sibh le pobal Gaeilge na hollscoile tríd na freagrachtaí a ghlacann sibh i gcaitheamh na bliana. Is spás caidrimh an-tábhachtach é Seomra na Gaeilge agus cabhraíonn mic léinn Scéim an champais go mór chun slacht a choimeád air agus chun a chinntiú gur áit fáilteach é do mhic léinn agus do bhaill foirne araon. Cuireann mic léinn Halla na Tríonóide go mór le ciorcal comhrá na hollscoile agus is mór ag daoine an comhluadar agus an caidreamh a fhorbraítear dá bharr sin.

Ba bhreá an éagsúlacht sna himeachtaí a d'eagraigh sibh don phobal mac léinn i mbliana. Ina measc bhí siúlóid i mBeann Éadair, léiriú scannáin, ceardlann amhránaíochta agus oíche béaloidis. B'iontach na feachtais a rinneadh ar na meáin shóisialta cosúil le Daonra na Scéime, a thug éachtaint ar na mic léinn go léir ó fud fad na tíre atá ar an Scéim, agus "Lá i mo Shaol" a léirigh an éagsúlacht idir na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ó lá go lá ag mic léinn na hollscoile.

Ba mhaith liom tréaslú leis an bhfoireann eagarthóireachta as a gcuid díograis ag cur an irisleabhair seo le chéile; Tomás Knoblauch, Emily Sheehan, Neasa Nic Corcráin agus Ríona Howlin. Tá súil agam go mbeidh an t-irisleabhar mar áis agaibh go léir chun féachaint siar ar bhur mbliain ar an Scéim sna blianta atá le teacht.

Tá mé an-bhuíoch do Chathal Ó Murchú a bhí ina mheantóir ar an Scéim i mbliana. Bhí Cathal ina phointe teagmhála tábhachtach idir mé agus sibhse, mic léinn na Scéime, agus thug sé an-tacaíocht ag scaipeadh eolais, ag eagrú imeachtaí agus ag roinnt a chuid buanna ceoil!

Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an mbliain ar an Scéim agus go rachaidh na scileanna a d'fhorbair sibh i mbliana chun tairbhe daoibh amach anseo. Guím gach rath oraibh sna scrúduithe atá le teacht agus amach anseo. Tá súil agam go leanfaidh sibh ar aghaidh lena bheith gníomhach i saol na Gaeilge san ollscoil agus níos faide i gcéin!

Áine Ní Shúilleabháin
Oifigeach Gaeilge Choláiste na Tríonóide

# Nóta ó Chathal Ó Murchú, Meantóir na Scéime

Dia dhaoibh!! Is mise Cathal agus bhí an t-ádh orm i mbliana a bheith mar mheántóir na scéime. Bhí sceitimíní an domhain orm nuair a fuair mé an tairiscint a bheith ar an scéim. Bhí a fhios agam go mbeadh an deis agam bualadh le daoine nua agus a bheith i mo chónaí i nGaeltacht bheag ar an gcampas agus bhí mé ar bís. Pribhléid den scoth a bhí ann a bheith in ann mo shaol a mhaireachtáil trí Ghaeilge agus a bheith á dhéanamh le daoine chomh cairdiúil agus cneasta.

Tá an Scéim Cónaithe ceann de na rudaí is mó a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar an gcampas agus i Halla na Tríonóide agus sin mar gheall ar an obair a dhéanann daoine chun na himeachtaí a chur ar siúl agus mar gheall ar an fáilte a chuireann muintir na scéime roimh daoine eile an Ghaeilge a úsáid sna hárasáin. Dom féin, ba í an scéim an chéad áit ina chonaic mé an Ghaeilge i dTríonóid agus is mar gheall uirthi atá caidreamh chomh láidir agam anois leis an nGaeilge. Mholfainn go hard na spéire an Scéim Cónaithe d'éinne atá ag iarraidh a bheith páirteach i saol na Gaeilge i dTríonóid.

Caithfidh mé a rá go ndearnadh tionscadail den chéad scoth i mbliana idir na cinn ar an gcampas agus i Halla na Tríonóide. Bhí gach duine chomh tiomanta agus bhí ana chuid oibre curtha isteach chun an Ghaeilge a chur chun tosaigh i dTríonóid. Chomh maith leis sin bhí an méid sin oibre curtha isteach chun Pop-up Gaeltachtaí, ciorcail comhrá agus agus imeachtaí eile a eagrú.

Caithfidh mé buíochas a ghabhadh fresin le Áine ní Shúilleabháin atá mar Oifeagach na Gaeilge. Déanann sí an méid sin chun an scéim a reáchtáil agus ní bheadh an scéim mar atá sí gan a striúr agus a cabhair.

Cathal Ó Murchú,
Meantoir na Scéime

# Daonra na Scéime

## Emily ní Shíocháin



Is mise Emily ní Shíocháin, agus is as Baile átha Luain mé agus táim i mo chónaí sa scéim cónaithe i mbliana. Tá mé sa cheathrú bhliain agus ag déanamh staidéir ar dlí agus stair, so tá go lóin léitheoireacht á dhéanamh agam i mbliana.

I m'am saoir, is aoibhinn liom a bheith ag casadh ceoil - tá má mar bhall den gceolfhoireann atá againn sa choláiste - seinnim an veidhlín leo, agus seinnim go leoir ceoil tradisiunta chomh maith ar an gcláirseach agus an fidil. Bím thar a bheith gnóthach chomh maith leis an bpáipéar Nuacht na Tríonóide

An rud is fearr liom faoin scéim ná go bhfuil an seans againn feabhas a chur ar ár gcuid Gaeilge, tríd na himeachtaí éagsúla a bhíonn eagraithe agus a eagrú ag daoine, agus díreach agus an dteanga a labhairt againn la i ndiaidh lae.

Haigh a chairde, is mise Neasa Nic Corcráin agus is as Loch Garman mé! Táim i mo chónaí sa Scéim Cónaithe i mbliana. Tá mé ag déanamh staidéir ar Innealtóireacht Timpeallachta agus táim sa tríú bliain anois.

I m'am saoir, bím páirteach i Nuacht na Tríonóide mar bhainisteoir na meán sóisialta, agus is breá liom grianghrafadóireacht, físeáin a dhéanamh, agus scríbhneoireacht.

Tá mé i mo bhall den scéim chónaithe le dhá bhliain anois agus bhain mé taitneamh as gach uile nóiméad di. Tá sé go hálainn a bheith páirteach i bpobal chomh spraíúil sin agus an deis a bheith agam an Ghaeilge a úsáid gach lá. Deis an-speisialta a bhí ann agus táim an-bhuíoch as.



## Neasa Nic Corcráin

# Daonra na Scéime

## Ríona Howlin



Dia daoibh a chairde, is mise Ríona Howlin agus is as Indreabhán i gConamara, Co. Na Gaillimhe mé. Táim sa tríú bhliain ar an scéim cónaithe i gColáiste na Tríonóide agus táim ag déanamh staidéar ar an t-InnealtóireachtTimpeallachta.Táimmar Chathaoirleach don Chumann Ceoil Traidisiúnta i mbliana agus taitníonn sé go mór liom a bheith ag nascadh an cheoil agus an Ghaeilge. Freisin tá sé iontach a bheith ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí trí Ghaeilge ar champus agus lasmuigh den champus. Táim thar a bheith sásta le bheith ar an scéim cónaithe i mbliana agus tá cairde den scoth déanta agam chéanna féin agus bíonn muid ag labhairt Gaeilge san árasán agus bíonn muid ag eagrú féilte difriúla as Gaeilge!

Haigh is mise Tomás agus táimse mar bhall den scéim. Táim imo chónaí i gCill Áirne, Co. Cíarraí. Táimse sa tríú bhliain ag déanamh staidéar ar Innealtóireacht.

Táimse mar bhall den CLG sa choláiste, agus bím ag imirt peile leis an bhfoireann. Anuas ar sin imrím peil le chlub lán-ghaeilge anseo i mBaile Átha Cliath dar b'ainm 'Na Gaeil Óga'.

Is aoibhinn liom an scéim, agus bíonn an-spraoí agus craic againn san árasán. Is deis iontach í an scéim chun an teanga a labhairt. Anuas ar sin bainim an-taitneamh as na himeachtaí, bíonn siad i gcónaí ar fheabhas.

Slán!




## Tomás Knoblauch

# Daonra na Scéime

## Mark Ryan




Dia dhaoibh a chairde, Mark is ainm dom agus táim i mo bhall den Scéim Cónaithe anseo ar champas i mBá na Luibheolaíochta. Táim sa cheathrú bliain ag déanamh staidéir ar eolaíocht bainistíochta agus córais faisnéise, agus taitníonn an cúrsa go mór liom mar dhéanaimid réimse leathan ábhar agus tugtar go leor deiseanna éagsúla dúinn. Taobh amuigh de mo chuid staidéar táim i mo bhall den SMF, an cumann Gaelach, an cumann bainistíochta, agus imrím iománaíocht le mo chlub CLG áitiúil. Tá suim mhór agam i dteangacha, an Fhraincis san áireamh, agus ar ndóigh an Ghaeilge. Tá an t-ádh dearg liom a bheith ar an scéim i mbliana, mar is taithí iontach í cairde nua a dhéanamh trí Gaeilge agus an Ghaeilge a úsáid mar theanga laethúil. Bíonn neart imeachtaí iontacha ar siúl gach seachtain, agus tá pobal an-chairdiúil ann. Slán!

Is mise Cathal - táim ar an scéim i mbliana.

Tá an-suim agamsa in ana chuid rudaí - a bhaineann leis an nGaeilge go háirithe.
Is aoibhinn liom an ceoil - agus an rud is fearr liom faoin sceim na gur féidir liom bualadh le daoine le
Gaeilge, agus a bheith ag caint Gaeilge an t-am ar fad i m'árasán féin ar an gcampus. Tá sé íontach a bheith chomh cóngarach le gach rud.
Tá súil agam go mbeidh sibh páirteach i gcúrsaí na scéime i mbliana. Go raibh maith aigí!




## Cathal Murphy

# Daonra na Scéime

## Laura Stafford



Laura anseo - Táim mar bhall den scéim cónaithe im bliana - seo é mo dara uair a bheith bainteach leis an scéim cónaithe so táim an-sceitimíneach faoi sin.

Cúpla fíricí fúm féin - seinnim go leoir uirlisí, ach bím de gnáth cúthaileach go leoir leo - uaireanta bím ag canadh ach sin an méid a bhfuil agam maidir le seinm poiblí.

Is aoibhinn liom ceoldrámaí, dul chuig an amharclann, rudaí mar sin - an ceoldrámá is fearr liom ná Anastasia; tá sé go hiontach ar fad. Mura chonaic tú é riamh, déan cinnte chun é a fheiceáil.

Má fheicinn sibh aon rud leis an scéim cónaithe i mbliana, bíonn go leoir imeachtaí ar súil againn - bígí ann, bígí Gaelach, agus bainigí taitneamh as!

Is mise Mary-Kate ní Artáin agus táimse ag déanamh staidear ar an gceoil agus an Gaeilge anseo i gColáiste na Tríonóide.

Is as Muineacháin mé agus táim sa cheathrú bhliain anois - an bhliain deireanach …

Is breá liom ag casadh ceol agus an amhránaíocht chomh maith - mar gheall ar sin tá mé mar bhall de na Trinity Belles agus an cór amhránaíochta anseo i gcoláiste na Tríonóide.

Is breá liom an amhránaíocht chomh mór sin go bhfuilim mar cathaoirleach an sochaí amhránaíochta !

Bíonn an-spraoi againn!




## Mary-Kate ní Artáin

# Daonra na Scéime

## Eve Donohue



Is mise Eve, agus táim sa dara bhliain i gcoláiste naTríonóide faoi láthai, ag déanamh staidir ar leighis.

Tá an t-ádh dearg orm i mbliana toisc go bhfuil mé mar bhall den scéim cónaithe - aithním gur mór an phribléid í an Ghaeilge a labhairt toisc gur siombéil í an Ghaeilge den náisiún seo atá againne.

Mar sin, táim fíor-bhuíoch as an deis íontach seo chun ár dteanga dhúchais, agus ár gcultúr, a chur chun cinn, agus mé ag tabhairt faoi mo chéim.

Seinim an fhidil, agus táim an-togha le cheoil tradisiúnta. Chomh maith le sin, seinim ceoil clasisceach, agus is ball mé de cheoilfhoireann na Tríonóide freisin.

Sin é uaimse! Slán go fóil!

Is mise Aibhe, agus is ball mé den scéim cónaithe ar an gcampus i mbliana! Táim fiche bliana d'aois, agus is as contae Mhaigh Eo mé. Táim ag déanamh staidear ar MSISS - cursa dírithe ar ríomhaireacht, eacnamaíocht, agus staitisticí - agus táim sa dara bliain faoi láthair.

An rud is fearr liom faoin scéim cónaithe ná a bheith mar ball de poblacht de dhaoine éagsúla atá suimeanna difriúla acú, agus bíonn an-craic againn ar fad.Chomh maith leis an scéim i mbliana, táim mar rúnaí den sochaí eolaíocht bainistíochta , bím ag deanamh eagruchain ar cupla imeachta i rith na bliana cosuil le turasai, no imeachtai le cainteoirí freisin.

Chomh maith le sin is ceoltoir me - seinim an cruit agus an fhidil so bim me fein agus mo chomh conaitheoir Aoibh ag seinm ceoil le cheile sa chistin!



## Aibhe McBride

# Daonra na Scéime

## Emma Ní Bhriain Picovici



Dia dhaoibh a chairde, Emma Ní Bhriain Picovici is ainm dom agus táim mar bhall don Scéim Cónaithe anseo i gColáiste na Tríonóide. Táim i mo chónaí i Hallaí na Tríonóide agus tá cuigear eile i m'arasán. Is deis don chéad scoth é a bheith mar bhall don Scéim Cónaithe agus ár dteanga a labhairt go laethúil.

Cuirimid imeachtaí ar siúl agus taitníonn an eispéireas go mór liom. Táim ag déanamh stáidéar ar an gCeol (agus ar an nGaeilge) agus taitníonn sé go mór liom.

Táim mar bhall don cheolfhoireann anseo i gColáiste na Tríonóide agus cúpla cumann ceol eile ar an gcampas. Chomh maith le sin, taitníonn ealaín go mór liom agus a bheith ag léamh litríocht.
Slán!!

Haigh is mise Rachel agus is as Luimneach mé. D'fhreastail mé ar mhéanscoil lán Ghaeilge i gcathair Luimní, ach anois táim i mo chónaí sa Scéim Cónaithe i Halla na Tríonóide.

Táim sa chéad bhliain, ag déanamh staidéar ar stair agus béarla, cursa atá an suimiúil. Tá a lán léitheoireacht le déanamh agam, ach táim ag baint fíor taitneamh as.

Comh maith le sin, imrím leadóg, agus tá an suim agam san ealaín, sa cheol agus cinnte sa Ghaeilge.

Go raibh míle maith agat!!



## Rachel Angland

# Daonra na Scéime

## Daniel Scally



Dia daoibh a chairde, is mise Daniel Scally agus is as Contae Uíbh Fhailí dom. Tá mé sa Chéad Bhliain agus táim ag déanamh staidéir ar an bhFisic Theoiriciúil. Tá an-suim agam i gcúrsaí spóirt, go háirithe peil Ghaelach agus bím ag imirt peile le mo chlub áitiúil agus le foireann na hollscoile.

Tá an t-ádh liom go bhfuil mé i mo bhall don Scéim Cónaithe i Halla na Tríonóide i mbliana. Dár ndóigh, tá an-ghrá agam don Ghaeilge agus is iontach an-deis í a bheith páirteach sa Scéim Cónaithe chun an teanga a úsáid go laethúil agus mé ag freastal ar an ollscoil.

Anuas air sin, táim tar éis cairde nua a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, agus táim fíorbhuíoch as an scéim mar gheall air seo.

Go raibh maith agaibh, slán

Dia daoibh a chairde, Juno is ainm dom agus is as baile Chill Mhantáin dom. D'fhreastail mé ar meánscoil lán-Bhéarla agus mar sin ní bhfuair mé mórán seans an Ghaeilge a labhairt, ach anois táim ina chónaí sa Scéim Cónaithe i Halla na Tríonóide, tá an t-ádh orm an Ghaeilge a úsáid gach lá.

Táim sa chéad bhlian ag déanamh staidéar ar an Bhitheolaíocht agus bainm an-taitneamh as an chúrsa.

Táim an-tógtha leis an spórt agus is baill don club haca agus seoltóireacht mé, ina theannta sin, tá suim agam sa cheoil, sa chóicireacht agus gan dabht, sa Ghaeilge!

Slán



## Juno Cherry-Roberts

# Daonra na Scéime

## Grace de Bháil



Haigh a chairde, Grace de Bháil is ainm dom agus is as Corca Dhuibhe mé thíos I gCiarraí. Taim sa chéad bhliain sa Scéim Cónaithe sna hallaí I gColáiste na Tríonóide agus táim ag déanamh staidéar ar Staidéar Eorpacha. Táim ag baint an-taitneamh as mo chúrsa, tá sé an-shuimúil agus táim an-bhuíoch as na cairde atá déanta agam. I mo chuid saor ama, is maith liom a bheith ag déanamh drámaíocht, aisteoireacht, léamh, scríobh agus rudaí mar sin.

An rud is fearr liom faoin Scéim ná go bhfaigheam seans an Ghaelainn a lbhairt gach lá. Is dóigh go bhraitheann an Scéim sórt cósúil le baile ó bhaile, go háirithe anseo I mBaile Átha Cliath agus chomh maith leis sin, taim an-bhuíoch as na cairde ar fad atá déanta agam. Braitheann an Scéim ar nós pobal beag agus taitníonn sé sin go mór liom agus táim thar a bheith buíoch.

Sin é, Slán!!

Haigh a chairde, is mise Sarah Ní Shuailleabháin agus táim sa chéad bhlian i gColáiste na Tríonóide ag déanamh staidéar ar Gnó agus Dlí. Táim mar bhaill don Scéim Cónaithe i mbliana agus is as Bóthar na Trá, Co. na Gaillimhe dom. Is breá liom a bheith ag léamh agus a bheith ag caitheamh ama le mo chuid cairde agus ag imirt haca & gailf. Táim ag baint an-taitneamh as mo chúrsa toisc go bhfuil an seans agam píosa dlí agus píosa gnó a dhéanamh agus mar sin tá sé fíor-shuimúil. Chomh maith leis sin, is breá liom a bheith páirteach don scéim mar go bhfuil grúpa cairde iontach againn i measc na n-árasáin agus is iontach an rud é a bheith in ann ár gcuid Gaeilge a úsáid go laethúil agus feabhas a chuir uirthi i gcónaí. Déarfainn gurb í an rud is fearr liom faoin scéim ná an ciorcal cainte a dhéanann muid chuile Céadaoin, mar go bhfuil muid in ann bualadh le daoine nua trí Ghaeilge, daoine ata ó gach cearn den tír agus mholfainn d'aon duine iarratas a chuir isteach chun a bheith páirteach sa scéim toisc go bhfuil an craic againn i gcónaí.

Slán!!!



## Sarah Ní Shuailleabháin

# Daonra na Scéime

## John Buckley



Dia Daoibh, Conas atá sibh? Is mise John Buckley agus táim ar an Scéim Cónaithe i gColáiste na Tríonóide. Ar an gcéad dul síos, beagán fúm fhéin, is as Co. Ceatharlach dom agus táim sa chéad bhlian. Bím gafa leis an spórt, is baill mé do Chumann Iománaíochta na Tríonóide agus imríom leis an bhfoireann sinsearach. Sí an spórt bun agus barr mo shaol agus go háiríthe anseo san ollscoil mar tugann sé deis iontach dom bualadh le daoine nua. I mbliana, táim ag déanamh staidéar ar an t-innealtóireacht agus bainistíocht agus is aoibhinn liom an chúrsa. Ar ndóigh is ábhar fíor acadúil é ach I mo thuarim is ábbhar an- suimúil é freisin. An rud is fearr liom faoin scéim ná na daoine eile atá ar mar tá an-chriac ag baint leo. Creidim gurb í anseo a bhíonn an gabhar rósta. Chomh maith leis sin, is féidir liom Gaeilge a labhairt leo agus toisc nach bhfuil aon Ghaeilge I mo chúrsa is aoibhinn liom an deis sin.

Haigh a chairde, is mise Tadhg Ó Conchuir agus táim ar an Scéim Cónaithe i mo chéad bhliain. Rugadh mé i gCorca Dhuibhne agus d'fhás mé anuas in Oirthear Chorcaigh. Táim ag déanamh céim san Innealtóireacht anseo I gColáiste na Tríonóide. Déanaim a lán oibre i ngrúpaí agus mar sin tá comhoibre maith agam teastáil uainn. Tá saol an coláiste gnóthach anseo, idir mo chúrsa agus mo dhualgais na scéime, táim ag traenáil leis an bhfoireann rámhaíochta. Tá deich sheisiún sa tseachtain againn agus is mór an dúshlán é, ach tá na daoine níos sine sa chumann an-tacúil. Mar chuid don Scéim Cónaithe, caithfidh mé freastail ar an gciorcal comhrá seachtainiúil a bhíonn ar siúl sa Bhutrach. Is breá liom é mar tagann go leor daoine éagsúla ann agus bímid ag plé go leor topaicí éagsúla agus is seans maith é chun aithne a chuir ar daoine eile a bhfuil Gaelainn acu sa Choláiste agus i mBaile Átha Cliath ar fad.



## Tadhg Ó Conchuir

# Daonra na Scéime

## Emma Leddin



Is mise Emma, mac léinn BESS sa chéad bhliain agus ball bródúil den Scéim Chónaithe. Rugadh agus tógadh i Luimneach mé agus d'fhreastail mé ar Ghaelscoil, mar sin ba chuid nádúrtha de mo shaol í an Ghaeilge ó aois óg. Bhain mé an-taitneamh as bheith páirteach sa scéim i mbliana. Ó chairde nua a dhéanamh go himeachtaí spraíúla a eagrú, thug sí deis iontach dom mo chuid Gaeilge a úsáid go laethúil. Taobh amuigh den Ghaeilge, bím idir léachtaí gnó agus saol sóisialta bríomhar, is annamh nach bhfeictear mé sa Phav oíche Dé hAoine!



Haigh a chairde, is mise Orla Nic Conaill agus is as Co. na Gaillimhe mé. Tá an t-ádh orm go bhfuilim sa scéim cónaithe I mbliana anseo I halla na Tríonóide. Táim sa chéad bhlian ag déanamh staidéar ar stair na hEalaíne agus Béarla. Tá fíor suim agam san ealaíon agus an léitheoireacht dar ndóigh agus chomh maith leis sin is breá liom an cheoil agus an t-amhránaíocht. An rud is fearr liom faoin scéim ná go dtugann sé an deis dom an teanga a labhairt go laethúil anseo I mBaile Átha Cliath agus chomh maith leis sin, bualadh le daoine eile go bhfuil Gaeilge acu agus an díogras agus an grá don teanga a roinnt. Táim ag tnúth go mór leis an bhlian amach romham.
Slán!

## Orla Nic Conaill

# Daonra na Scéime

## Sadhbh Ní Dhorchaidhe



Dia daoibh, is mise Sadhbh agus táim sa chéad bliain ag déanamh staidéar ar an dlí. Is as Loch Gharman dom agus d'fhreastal mé ar bhunscoil lán Béarla sular d'imigh me ar aghaidh go Gaelcholáiste don mheánscoil. Is ansin a d'fhoghlaim mé conas gur féidir leis an nGaeilge a bheith mar lárionad phobal.

Táim fíor-bhuíoch as an deis seo a bheith mar bhall den scéim cónaithe i Halla na Tríonóide, agus faoi láthair táim ag baint an-taitneamh as an nGaeilge a spreagadh tríd í a bheith á labhairt againn go laethúil

Haigh gach duine is mise Leah Mai agus táim ag déanamh staidir ar PPES i mbliana. Sin Fealsúnacht, Eolaíocht Pholaitiúil, Siceolaíocht agus Eacnamaíocht. Tá neart chaitheamh aimsire agam, agus is breá liom a bheith ag léamh, ag seinm ceoil agus ag damhsa i mo chuid am saor. An rud is fearr liom faoin scéim ná an t-atmaisféar cineálta atá i seomra na Gaeilge agus san árasán.



## Leah Mai Dowling

# Daonra na Scéime

## Gráinne Ní Eaghra



Dia dhaoibh a chairde Gaeil! Is mise Gráinne Ní Eaghra agus is as Sligeach dom. Táim sa dara bliain ag déanamh staidéir ar chógaisíocht. I m’am saor is aoibhinn liom a bheith ag cócaireacht, ag péinteáil agus ag imirt haca. Is mise an chéad Oifigeach Gaeilge ar choiste an Chumainn Cógaisíochta. Is aoibhinn liom a bheith ag scaipeadh ár dteanga ar fud na háite agus an pobal atá agam sa choláiste mar gheall uirthi!

Haigh! Is mise Aisling agus táim sa dara bliain ag déanamh staidéir ar an bPolaitíocht agus ar an Eacnamaíocht (PPES). Is as Uíbh Fhailí mé agus tá suim agam sa léitheoireacht agus sa spórt, go háirithe lúthchleasaíocht.

Chomh maith leis sin, is breá liom a bheith ag snámh san fharraige (cé go mbím reoite!) agus ag dul ag sléibhteoireacht le mo chairde.

Bhain mé an-sult as mo thréimhse ar an Scéim Chónaithe i mbliana — rinne mé cairde iontacha agus bhí deis agam mo chuid Gaeilge a chur chun cinn ar an gcampas agus i mo shaol féin, dar ndóigh.



## Aisling Cotter

# Daonra na Scéime

## Eloise Judge



Haigh a chairde! Is mise Eloise agus tá mé mar chuid den Scéim Chónaithe i Halla na Tríonóide i mbliana. Is as Uibh Fháilí mé agus táim sa chéad bhliain ag déanamh staidéar ar BESS. Is breá liom an amhránaíocht agus tá mé mar bhall de na Trinity Belles anseo i gColáiste na Tríonóide. An rud is fearr liom faoin Scéim ná na cairde is a rinneas dá bharr

Is mise Bríona agus is as Corcaigh mé. Is dalta leighis mé agus táim sa dara bhliain faoi láthair. Bíonn an cúrsa gnóthach go leor an bhliain seo ach fós bíonn am agam glacadh páirt i roinnt gcumann agus mo chaitheamh aimsire éagsúla a dhéanamh. Táim mar bhall den cumann VDP agus an cumann Gaelach. Ina theannta sin bímse ag dul amach ar an uisce ag déanamh seoltóireacht agus clársheoltóireacht.

An rud is fearr liom faoin Scéim ná na cairde is a rinneas dá bharr. Is aoibheann liom labhairt leo le cupán tae san oíche timpeall an boird sa chistin.



## Bríona Mullally

# Daonra na Scéime

## Zara Nic Fhionnghaile



Is mise Zara Nic Fhionnghaile agus tá mé fiche bliain d'aois. Tá seisear i mo theaghlach, agus is mise an duine is sine de cheathrar cailíní. Is as baile beag Gaeltachta darb ainm Gort an Choirce, in arthuaisceart Thir Chonaill, mé. Tá mé i mo dhara bliain ag déanamh staidéir ar an eolaíocht bhithleighis. Tá mo chroí istigh sa chúrsa mar go bhfuil sé an-leathan; mar sin, bímid ag plé le hábhair eolaíochta éagsúla agus suimiúla gach lá. Tá dúil mhór agam sa spórt agus sa cheol. Is brea liom a bheith ag rith le mo chairde agus, chomh maith leis sin, a bheith ag seinm cheoil thraidisiúnta na hÉireann ar an mbosca ceoil agus ar an bpianó. Táim ag baint an-taitnimh as an Scéim Chónaithei mbliana. Tá sé iontach bheith i meas mic léinn a
bhfuil grá acu don Ghaeilge, agus fonn orthu an teanga a labhairt agus a chur chun cinn gach uile lá!

Dia dhaoibh, a chairde! Is mise Julia agus táim sa dara bhliain ar Scéim Cónaithe Halla na
Tríonóide. Tá mé fíor shásta agus fíorbhuíoch áit a bheith agam ar an scéim i mbliana. Thug sé deis dom cairde le Gaeilge a dhéanamh agus cónaí in áit lán-Ghaelach agus mé i mo chónaí i mBaile Átha Cliath. Tá staidéar á dhéanamh agam ar an dlí agus ar an bhFraincis. Rugadh agus tógadh sa mBruiséil mé ach is as Gaillimh mo thuismitheoirí. Tá an-suim agam sa gceol agus sna teangacha agus bhain mé an-sult as na himeachtaí a bhí ar siúl ag an gcumann Gaelach agus ag an Scéim Cónaithe!




## Julia O'Connor Breathnach

# Daonra na Scéime

## Tomás Holden




Tomás Ó hÓldáin is ainm dom. Is ball den scéim cónaithe mé ar ndóigh. Táim sa chéad bhliain ag déanamh staidéir ar an Bhéarla agus ar an Scannánaíocht. Is as Cill Cheannaigh mé. D'fhreastail mé ar mheánscoil lán Gaeilge, sin ait ar fhoghlaim mé mo chuid Gaeilge. Tá an suim agam sa litríocht agus sa scannánaíocht ar ndóigh, ach tá suim agam sa cheol chomh maith le sin. Seinm roinnt uirlisí eagsúla agus is ball mé de roinnt bannaí freisin.



Róisín García-Sacristán is ainm dom. Is as Baile Átha Cliath agus táim i mo chónaí sa scéim cónaithe i mbliana. Tá mé sa cheathrú bhlian ag déanamh staidéir ar an dramaíocht. Bhí go leor leiriú ar siúl i mbliana,agus bhí gach duine sa cursa gnóthach dá bharr. Táim ag scríobh mo dráma féin a mbeidh ar siúl ar an 23ú lá de mí Aibráin.

A red is fear liom fan scéim ná go bhfuil an seans agam an Gaeilge a labhairt go laethúil san arasán agus a Gaeilge a bheith páirteach do mo gnáthshaol.

## Róisín García-Sacristán

# Daonra na Scéime

## Róise ní Chonchubhair



Róise is ainm dom. Is mac léinn sa dara bhliain me ag déanamh staidéir ar staidéir Eorpacha. Is as Cill Mhantáin mé, agus i mbliana bhí sé de phribhléid agam a bheith i mo bhall den Scéim Chónaithe ar an gcampas.

Bhí mo shaol sa bhaile lán le Gaeilge agus labhair mé i gcónaí trí Ghaeilge le mo chairde ar scoil. Bhí an t-aistriú go dtí an ollscoil deacair dom mar gur chaill mé úsáid na Gaeilge i mo shaol laethúil. Nuair a thosaigh mé ag freastal ar imeachtaí an Chumainn Ghaelaigh sa chéad bhliain, thuig mé cé chomh láidir is a bhí an teanga agus an cultúr Gaelach ar an gcampas, agus theastaigh uaim a bheith mar chuid de, ag cur leis an gceiliúradh agus le húsáid fhorleathan na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide.

Nuair a d’inis cara liom sa Chumann Gaelach dom faoin Scéim Chónaithe, shíl mé go raibh sé ar fheabhas ar fad. D’athraigh an deis seo mo bhliain ar fad agus mo shaol ar an gcampas go ginearálta.

D’éirigh mé níos rannpháirtí i saol Gaelach an champais agus i gcur chun cinn na Gaeilge, rud a bhí thar a bheith sásúil dom. Fuair mé an deis freisin Gaeilge a labhairt i mo shaol laethúil arís, rud a bhí an-chompordach dom. Ina theannta sin, tugann an Scéim deis duit a bheith níos rannpháirtí i saol na mac léinn go ginéarálta.

I mbliana, fuair mé an deis bheith níos gníomhaí le Naomh Uinseann de Pól i gColáiste na Tríonóide agus leis an obair iontach a dhéanann siad le leanaí, le daoine leochaileacha, agus leis na daoine gan dídean. D’éirigh liom imeacht a eagrú leis an Scéim agus le VDP, agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn laistigh den chumann.


Ba bhliain iontach í seo inár chas mé le a lán de dhaoine nua iontacha agus ina rinne mé cheiliúradh ar chultúr na Gaeilge ar an gcampas. Táim fíorbhuíoch den Scéim Chónaithe as an deis seo a thabhairt dom!


## Bá na Luibheolaíochta

*le Róise Ní Chonchubhair*

"*Mór chuid cloch is gann chuid cré*" a deirtear faoi Oileán Árann
Ach ní oileánach uaigneach mé anseo
Ní Alexander Selkirk mé mar a deir an Caomhánach
Tá mé i lár an aonaigh anseo
Croí na cathrach ag bualadh go rithimeach taobh amuigh de na geataí iontacha.

Scaití, imím leis an sruth ag súil suas Sráid Grafton, anaithnid go sona,
Ach fillim go na clocha duirlinge, téim suas na céimeanna
Mo phlanda ar leac na fuinneoige, muintir na leadóige thíos fúm ar an bhféar bréagach
Nach fíor don oileánach?





# Karaoke

Sa chéad tearma, d'eagraigh ngrupa oíche karaoke as Gaeilge ar an 22ú de mhí Deireadh Fómhair i dTeach Oldham i Hallaí na Tríonóide. Ar dtús, chuamar i dteagmháil leis an foireann SCnS chun an seomra a chur in áirithe, chuir Tomás na micreafon in áirithe, cheannaigh Sadhbh agus Orla na sólaistí, ghlac Leah Mai na griangraifeanna, chruthaigh Emma Picovici postaer aláinn dúinn, agus fuair Emma Leddin duaiseanna den scoth dúinn. Bhuaigh na hamhranaí is fearr cúpla duais ó Sheodra Fíor, a thaitin go mór leo. Bhí an craic againn ag canadh is ag imirt cúpla cluiche comh maith!




# Biongó Loco






Sa dara téarma, d'eagraigh ár ngrúpa oíche bingo loco sa cheaintín i Hallaí na Tríonóide ar an 16ú de mhí Márta. Bhí trí cluichí an-iomaíoch againn le glaoch bingo an-cruithaitheach! Rinne gach duine sa ghrúpa na postanna céanna don chuid is mó. Chuir mé an seomra in áirithe, chuir Tomás an trealamh in áirithe, rinne Emma Picovici postaer iontach eile, ghlac Leah Mai na griangraifeanna, cheannaigh Orla na sólaistí, fuair Sadhbh an trealamh bingo, agus fuair Emma Leddin duaiseanna dúinn. Arís, fuair na buaiteorí duaiseanna álainn ó sheodra Fíor. Buíochas mór le gach duine a d'imir linn!

# Siúlóid na Scéime

Árasán 87.10- Aisling, Julia, Gráinne, Eloise, Zara agus Bríona

Bhaineamar an-sult as a bheith mar chuid den Scéim Cónaithe i mbliana agus imeachtaí a eagrú chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal. Tá cairdeas den chéad scoth eadrainn tar éis an bhliain a chaitheamh le chéile i Halla na Tríonóide. Sa chéad téarma, d'eagraíomar imeacht darbh ainm 'Siúlóid na Scéime.' Thógamar an DART ó Stáisiún na bPiarsach go dtí Binn Éadair. Bhí sé iontach deas chun a bheith ag siúl amuigh faoin aer agus ag bualadh le daoine nua. Cé go raibh sé beagán fliuch ar dtús, leanamar ar aghaidh agus tháinig an ghrian amach faoi dheireadh!




# Lá i Mo Shaol

Sa dara téarma, chruthaíomar sraith físeáin dar teideal 'Lá i Mo Shaol.' Gach seachtain ar feadh sé seachtaine, d'uaslódáil ball den árasán a bhfíseán, agus ansin rinne siad "takeover" ar chuntas Instagram na Scéime. Thugamar seans do dhaoine ceisteanna a chur orainn. Bhí sé an-dheas an Ghaeilge a scaipeadh ar fud na háite, agus daoine a chur ar an eolas faoin Scéim Cónaithe.

Coinnigh súil amach do na pictiúir dúinne ag deireadh an irisleabhair

# Oíche Péintála agus Píotsa







Bhí oíche iontach againn le déanaí nuair a d'eagraigh muid oíche péintála agus píotsa i Seomra na Gaeilge. Bhí atmaisféar ar fheabhas ann ón tús le ceol ag seinm go bog sa chúlra agus píotsa blasta ar fud an tseomra!
Chuir muid brat nuachtán ar an urlár chun é a chosaint, agus leag muid amach gach rud a bhí de dhíth: péint i mbábóga beaga, scuaba péinte de gach saghas, páipéar mór póstaeir, ceirteacha, agus prócaí uisce. Bhí cuma stiúideo ealaíne ar an seomra. D'ordaigh muid píotsa ó Apache mar bhéile beag le linn na hoíche agus bhí tae againn freisin, ar ndóigh!

Níl aon ócáid foirfe gan cupán tae. Shuigh muid síos, thosaigh muid ag péintáil, agus lig muid don chruthaíocht teacht. Ba é cultúr na hÉireann croílár na n-íomhánna a chruthaigh muid. Bhí an chamapiníl, radhairc áille ó Bhinn Éadair, siombail an Chladaigh, an príomh chearnóg i gColáiste na Tríonóide, i measc na phictúirí a phéintáileadh. Bhí ábhar inspioráide ag gach duine agus léiríodh grá don Ghaeilge agus cultúr ghaelach i ngach pictiúr.

Ní hamháin péintáil a bhí ar siúl, bhí comhrá iontacha againn i nGaeilge ar feadh na hoíche faoi ealaín, faoi chultúr, agus faoi saol na Ghaeilge san ollscoil. Thug gach duine againn cairde leo a raibh cúpla focal Gaeilge acu, agus chuaigh siad i mbun cainte linn, ag foghlaim cúpla focal nua le linn na hoíche. Oíche den scoth a bhí ann le cruthaitheacht, cultúr, cairdeas, agus píotsa! Míle buíochas le gach duine a ghlac páirt!

# Oíche Cluichí




An imeacht a chuireamar ar siúl ab ea Oíche Cluichí i dTeach Oldham i Hallaí na Tríonóide. Bhí a lán cluichí boird éagsúla againn agus milseáin mar duaiseanna dos na buaiteoirí. Bhí an chraic againn and tháinig ualach daoine chun an tseans cluichí trí Ghaeilge a imirt and cumarsáid le chéile as Gealainn. In iomlán sár oíche a raibh againn le chéile mar chuid den Scéim Cónaithe

# Rang Amhránaíochta / Oíche Pócair

I mbliana bheartaíomar rang amhránaíochta a dhéanamh mar ár dtionscadal. Bhí sé thar a bheith rathúil agus bhí an deis ag daoine foghlaim faoi stair na n-amhrán agus iad a chanadh ina dhiaidh. Sa dara téarma, d'eagraíomar oíche pócair. Bhí sé sí iontach a bheith ag spraoi agus ag gáire i Seomra na Gaeilge le gach duine a tháinig chuige. Bhí muid ana sásta leis an dá oíche agus táimid ana bhuíoch d'éinne a d'fhreastail orthu!!






# Nóta Ó hÉire Ní Fhaoláin, Oifigeach na Gaeilge SCnS

Haigh a chairde, Éire Ní Fhaoláin anseo! Is mise an t-Oifigeach Gaeilge leis an JCR/SCnS agus mo ról ná chun an Ghaeilge a chothú i Halla na Tríonóide agus cearta na teanga a chur chun cinn. Bhí tréimhse thar a bheith sceitimíneach againn leis an nGaeilge i mbliana. Is mise an chéad Oifigeach na Gaeilge leis an JCR/SCnS ó gur thosaigh an eagraíocht agus mar sin, bhí an deis agam feachtais nua a bhunú agus imeachtaí spraíúla a eagrú. Tá sé de dhualgas orm gach rud a bhaineann leis an JCR/SCnS a aistriú go Gaeilge, tacú le muintir na scéime agus imeachtaí trí Ghaeilge a eagrú.

Go dtí seo, tá oíche na scéime, ciorcal cainte, oícheanta Gaeilge, imeachtaí Gaeilge24 agus criú na Gaeilge eagraithe agam, mar aon leis an bhfeachtas nua 'Feachtas na bhFocal'. Bhí mé fhéin ar an scéim anuraidh i Halla na Tríonóide agus bhí an- am go deo agam. I mbliana, theastaigh uaim an spraoi sin leis an nGaeilge a roinnt le chuile dhuine i Halla na Tríonóide. Má thaitníonn an Ghaeilge leat, má tá sí á foghlaim agat, nó más cainteoir rialta thú, is leatsa an Ghaeilge. Mar cheoltóir, scríbhneoir agus amhránaí ar an sean-nós, theastaigh uaim ár gcultúr a chothú agus a roinnt le chuile dhuine i Halla na Tríonóide. Ba cheart go bhfuilimid ar fad bródúil as ár dteanga fhéin!

# Toghadh Mary Kate Ní Artáin ina hOifigeach na Gaeilge de chuid AMLCT



Is mise Mary Kate Ní Artáin agus onóir atá ann bheith roghnaithe mar Oifigeach na Gaeilge in Aontas na Mac Léinn 2026/27. Bhí an-chraic agam leis an feachtas agus thaitin an caint agus comhrá le mic léinn an choláiste go mór liom. Cinnte dearfach d'fhoghlaim mé líon ollmhór, faoi tuairimí na mhic léinn agus an meon atá ag an choláiste ó thaobh an Ghaeilge de.

Ba bhreá liom an eagla a mbíonn ag mic léinn roim an Ghaeilge a scriosadh. Is cúis bródúil í an Ghaeilge a úsáid, fiú muna bhfuil ach cúpla focal agat. Is ag caomhnú agus ag cur an Ghaeilge chun cinn atá duine le focal nó dhó, agus ba chóir dúinn é sin a céiliúradh.

Bíonn sé deacar an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den mheánscoil in áiteanna áirithe. Ba bhreá liom obair leis na cumainn uilig ar champas agus imeachtaí a eagrú le cúpla focal. An rud is fearr faoi na cumainn ná an rogha atá ann eatarthu, ó cniotáil go amhránaíocht! Tá rud ann d'achan duine, agus be bhreá liom an Ghaeilge a úsáid le mic léinn i mbealaigh gur féidir leo gaoll lei i gceart.

Chomh maith leis sin, muna bhfuil mórán Gaeilge agat, bíonn sé deacar an Ghaeilge a úsáid ó am go ham go rialta. Mar sin, ba bhreá liom scéim a chur in iúl leis na caifeanna agus bialainne atá ar campas (An Pav agus an Buttery). Ba bhreá liom deis a bheith ag mic léinn an Ghaeilge a úsáid agus iad ag ordú an caife a theastaíonn uathu, nó an pionta, nó fiú an béile atá uathu. Má úsáidtear an Ghaeilge, bheadh lascaine curtha le d'íocaíocht. Is caoi spraíúil agus cruthaitheach í seo chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a úsáid go rialta.

Tá an-sceitimíní orm an Ghaeilge a chur chun cinn ar champas an bhliain seo chugainn. Is do chách í an Ghaeilge, agus beatha teanga í a labhairt!

# Acadamh na Lianna - Comórtas Díospóireachta

Ar an 23ú Feabhra, bhí comórtas díospóireachta Acadamh na Lianna faoi lán seoil i gColáiste Ollscoile BÁC. Is grúpa dochtúirí agus daoine sna gairmeacha gaolmhara nó le spéis sa leighis é Acadamh na Lianna, a eagraíonn cruinnithe, léachtaí agus comórtais as Gaeilge in Éirinn. Comórtas idir-ollscoile a bhí i gceist i mí Feabhra, le foirne ag teacht ó RCSI, TCD agus UCD. Rinne Eve Donohoe, Bríona Ní Mhaolalaigh agus Ella Ní Mháille sár-ionadaíocht ar son Coláiste na Tríonóide ar an oíche.

An rún a bhí á phlé againn ná -“Is mó dochar ná sochar a dhéanann na meáin shóisialta do leas an duine” - ábhar conspóideach gan aon agó. D’éirigh go rímhaith leis na cainteoirí uilig ar an oíche, cuid acu a sheas os comhair slua mór díospóireachta den chéad uair. Dúradh go raibh an caighdeán oráide is fearr riamh le feiceáil ag an díospóireacht agus thréaslaigh na moltóirí do chuile chainteoir as an sár-iarracht a bhí déanta acu. Is cinnte go raibh post dúshlánach ag na moltóirí buaiteoir a phiocadh. Faoi dheireadh, tar éis an chuid machnaimh a dhéanamh, thangthas ar réiteach. Ar an drochuair, ní raibh an t-ádh linn agus thóg foireann UCD an lá leo. É sin ráite, bhíomar go léir fíorbhuíoch as an deis iontach seo.






# An Croí Éadroim ag dul in Aois

**Emily Ní Shíochain**

Agus mé níos óige, gheall mé dom féin nach raibh mé chun dearmad a dhéanamh ar m'óige. Ní amháin na cuimhní, ach an staid intinne a bhí agam. Mhothaigh mé go raibh daoine ró-shásta an dream óg a dhiúltiú scun scan – ní rabhamar ach, bhuel, óg. Ní raibh mé ag iarraidh a bheith mar sin agus mé níos sine – beidh mé in ann an dream óg a thuiscint i gcónaí.

Ach anois, breathnaím ar na daoine atá níos óige ná mé agus ó am go ham, ní féidir liom iad a thuiscint. Nílim mar chuid den phleidhchíocht atá á déanamh acu – b'fhéidir don chéad uair, tá dream nua de dhaoine óga lena sochaí féin ar líne. Má bhreathnaím ar scannán do pháistí, táim níos cosúla leis an tuismitheoir tuirseach ná an príomhcharachtar, agus is cuma liom faoi cibé rud atá ar siúl le '6,7'.

Ansin, casann muid leis na meáin shóisialta. Is seanscéal anois lofa le mairg é go bhfuil drochchaidreamh idir na meán shóisialta agus a bheith ag dul in aois – nó an frith-aosú, b'fhéidir.

Ach ag an am céanna, tugann na meáin shóisialta seans dúinn ceangal nua a dhéanamh le bheith ag dul in aois agus leis an saol atá amach romhainn.
Nuair a fheictear físeáin a thaispeánann gnáthdaoine ina dtríochaidí, daicheadí nó cibé aois atá fós ag obair chun an saol a dhéanamh amach, bristear an creideamh go bhfuil aon am ann go sroicheann duine aois a bhfuil gach rud eagraithe acu.

Tá na mílte físeán ar líne do dhaoine atá ag tabhairt comhairle do dhaoine óga – eolas a déarfaidís gur bhreá leo a rá leo féin agus iad níos óige. Tá seandaoine ann ag iarraidh daoine a chur ar a suaimhneas go bhfuil am acu, agus nach bhfuil aon ghá riamh ann chun brú a chur orthu féin chun cinntiú go bhfuil gach rud réitithe don saol.

Is léir gur féidir na meáin shóisialta a úsáid chun na glúnta tradisiúnta a bhriseadh, agus taispeántas níos réadúla a thaispeáint don saol.
Ach is annamh a bhíonn aon rud simplí ar líne, nó sa saol, dar ndóigh.
Má tá an t-ádh leat, b’fhéidir go bhfuil algartam neamhbhreithiúnach agat – ach de ghnáth, ní féidir éalú ón oibseisiún atá ag an idirlíon leis an bhfrith-aosú.
Ní rud leithleach é an idirlíon – ó thús ama, bhí meon éigin dúghafa le ‘bláth na hóige’ – agus conas é a choimeád.

Tá slua mór daoine, óg agus aosta, atá imníoch roimh an dul in aois – agus sásta rud ar bith a dhéanamh chun an próiseas a stopadh.
Ní féidir cothromaíocht a aimsiú ar líne. Fiú agus an dearcadh nua atá againn ar na meáin shóisialta, ní féidir éalú ón mbrú bheith óg agus álainn i gcónaí.

Chomh maith leis an mbéim ar thréithe fisiciúla, scarann na meáin shóisialta na glúnta maidir le suim agus iompar. Cé chomh cabhrach is atá téarmaí ar nós Millennial, nó Gen Z, agus Gen Alpha fiú? Is minic a fheictear físeán dúshlánach ó ‘Millennial’ éigin ag labhairt faoi aimaidí a bhaineann le GenZ – ach ansin, feictear fiseán éigin ag magadh faoin ‘Millennial pause’, nó na suimeanna a bhíonn ag an nglúin. Agus anois, má osclaítear na tráchtaireachta, bíonn neart tráchtaireachtaí fágtha ag an nglúin a rugadh tar éis GenZ; is léir go bhfuil an ciogal seo i ndán don dream seo – magadh faoin ngliúin níos sine go dtí go dtagann daoine eile in aois ina ndiaidh.



Cinnte, is rud spraiúil é chun ceangal a chruthú le muintir d'aoise – ach athraíonn an ceangal seo go sciobtha ina uirlis chun caitheamh anuas ar dhaoine eile – rud dainséireach nuair a dhéantar plé ar chúrsaí polaitiúla nó cúrsaí sochaíocha.

Is rud aisteach é an dul in aois – fiú agus muid go léir ag éirí níos sine, is rud aonrach é, a bhraitheann ar thaithí an duine, nó na meáin a chuirtear os do chomhair. Do gach físeán a fheictear ag ceiliúradh na haoise, bíonn dhá cheann eile ag rá leat gur cheart duit éalú ón tseanaois le táirge éigin, nó ba cheart duit cinntiú nach bhfuil cuma shean ag teacht ort.
Ach is féidir sólás a aimsiú sna dearcthaí éagsúla atá ann don saol réadúil agus muid ag dul in aois.



